Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10514 – DASSAULT SYSTEMES INTERNATIONAL / SZSW / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 72/09)

1. An 3 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Dassault Systemes International SAS ("DSI", An Fhrainc), fochuideachta faoi lánúinéireacht ag Dassault Systèmes SE (an Fhrainc), atá faoi rialú ag Groupe Industriel Marcel Dassault (an Fhrainc).

— Beijing Shenzhou Aerospace Software Technology Co, Ltd ("SZSW", an tSín), faoi rialú na Síne Aerospace Science and Technology Corporation (An tSín), atá faoi rialú ag an gCoimisiún um Maoirsiú agus Riar Sócmhainní na Comhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne.

— an Comhfhiontar ("JV", an tSín).

Gheobhaidh DSI agus SZSW rialú comhpháirteach ar an JV nuachruthaithe ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe arb í an comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás DSI: bogearraí bainistíochta saolré táirgí ("PLM") a fhorbairt agus a mhargú, lena gcumasaítear dearadh 3D, innealtóireacht, samhaltú, ionsamhlú, bainistiú sonraí agus bainistiú próisis.

— i gcás SZSW: bogearraí a fhorbairt agus a mhargú le haghaidh feidhmeanna éagsúla, lena n-áirítear earnáil an aeir agus an spáis, sa tSín amháin.

— i gcás an JV: soláthar táirgí agus réitigh bhogearraí PLM sa tSín, lena n-áirítear feidhmchláir shonracha a fhorbairt agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar sa réimse sibhialta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10514 – DASSAULT SYSTEMES INTERNATIONAL / SZSW / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË